

Achomharc arna thabhairt an 1 Nollaig 2021 ag Collibra i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (Triú Dlísheomra) a tugadh an 22 Meán Fómhair 2021 sna cásanna T-128/20 agus T-129/20, Collibra v EUIPO – Dietrich (COLLIBRA agus collibra)

(Cás C-730/21 P)

(2022/C 222/14)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Achomharcóir: Collibra (ionadaithe: A. Renck agus A. Bothe, Rechtsanwälte, agus I. Junkar, abogada)

Páirtithe eile sna himeachtaí: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Hans Dietrich

Le hordú an 23 Márta 2022, chinn an Chúirt Bhreithiúnais (Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nach gceadaítear don achomharc dul ar aghaidh agus gur chóir do Collibra a chostais féin a íoc.

Achomharc arna thabhairt an 16 Nollaig 2021 ag Daw SE i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (Dara Dlísheomra) a tugadh an 6 Deireadh Fómhair i gCás T-32/21, Daw SE v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

(Cás C-781/21 P)

(2022/C 222/15)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Achomharcóir: Daw SE (ionadaí: A. Haberl, Rechtsanwalt)

Páirtí eile sna himeachtaí: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

Le hordú an 28 Márta 2022, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár chóir ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh don achomharcóir a chostais féin a íoc.

Achomharc arna thabhairt an 21 Nollaig 2021 ag Luis Miguel Novais i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a fógraíodh an 25 Deireadh Fómhair 2021 i gCás T-595/21, Novais v an Phortaingéil

(Cás C-816/21 P)

(2022/C 222/16)

Teanga an cháis: an Phortaingéilis

Páirtithe

Iarratasóir: Luis Miguel Novais (ionadaithe: Á. Oliveira agus C. Almeida Lopes, advogados)

Páirtí eile sna himeachtaí: Poblacht na Portaingéile

Le hordú an 11 Márta 2022, chinn an Chúirt Bhreithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an t-achomharc a dhíbhe as a bheith gan bunús go follasach agus go gcaitheadh Luis Miguel Novais a chostais féin a íoc.